SDCC
Comhairle Contae Átha Cliath Theas South Dublin County Council

AN tACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000 (ARNA LEASÚ) RIALACHÁIN PHLEANÁLA AGUS FORBARTHA, 2001 (ARNA LEASÚ)

FÓGRA AR FHORBAIRT ATÁ BEARTAITHE AG ÚDARÁS ÁITIÚIL

CUID 8 FÓGRA POIBLÍ

De bhun cheanglais na reachtaíochta thuas, tugtar fógra leis seo maidir leis an bhforbairt seo a leanas atá beartaithe ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas ag Staid Thamhlachta, Bealach Bhaile an Fhaoitigh, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24, D24FNK8.

Is éard a bheidh san fhorbairt átá beartaithe ná úsáid bhreise a bhaint as an staid atá ann cheana agus as na tailte gaolmhara le haghaidh ceolchoirmeacha amuigh faoin aer, taibhithe ceoil agus imeachtaí cultúrtha agus siamsaíochta comhchosúla, le haghaidh méid nach mó ná cúig imeacht den sórt sin in aon bhliain féilire amháin, agus uasmhéid 22,000 duine i láthair in aghaidh an imeachta, mar aon leis an bhforbairt bhainteach uile. Coinneofar an úsáid a bhaintear as an staid faoi láthair le haghaidh spóirt ar bun, mar aon leis na húsáidí gaolmhara uile.

Cuimsítear an méid seo a leanas leis an bhforbairt atá beartaithe:

- Úsáid a bhaint as ardáin na staide atá ann cheana, an pháirc imeartha, na slite dála agus an chóiríocht choimhdeach, mar aon le carrchlós na staide, na réamhchúirteanna, limistéir ghluaiseachta sheachtracha agus tailte coimhdeacha eile atá laistigh de shuíomh an iarratais, chun freastal ar lucht féachana agus ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le himeachtaí, lena n-áirítear ciúáil an lucht féachana, lamháltais, léiriú, seirbhísiú agus áiseanna eile a bhaineann le himeachtaí.
- Na nithe seo a leanas a sholáthar ar bhonn sealadach: trealamh stáitsithe, fuaime, soilsithe agus cumhachta, áiseanna léiriúcháin, cosaint don pháirc imeartha, bacainní don lucht féachana, limistéir bhreathnóireachta inrochtana, lamháltais bhia agus deochanna, beáir, leithris, áiseanna marsantachta, comharthaíocht agus treochomharthaíocht a bhaineann le himeachtaí, agus struchtúir agus suiteálacha sealadacha coimhdeacha eile.
- Socruithe sealadacha rochtana agus gluaiseachta a bhaineann le himeachtaí, lena n-áirítear bealaí isteach agus amach don lucht féachana, limistéir chiúála, socruithe cóiste agus tointeálaí, limistéir sheirbhísithe, rochtain d'fheithiclí éigeandála agus bearta gaolmhara um bainistiú sluaite agus tráchta.
- Leathnú a dhéanamh ar cheithre gheata atá ann cheana lena dtugtar rochtain ar an bpáirc imeartha, iad suite ag gach cúinne den pháirc imeartha, idir 3 mhéadar agus 9 méadar ar leithead an ceann, mar aon leis na leasuithe gaolmhara chun gluaiseacht coisithe a éascú, chomh maith le rochtain agus bealach imeachta i gcás éigeandálaí.
- Na hoibreacha agus seirbhísí coimhdeacha gaolmhara uile a bhaineann le forbairt an tsuímh.

Déanfar an bonneagar sealadach uile le haghaidh imeachtaí a shuiteáil agus a bhaint i dtaca leis na himeachtaí atá beartaithe.

Rinneadh Scagadh Measúnachta Cuí ar an moladh i gcomhréir le hAirteagal 6(3) den Treoir um Ghnáthóga (92/43/CEE) agus Scagadh do Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) faoi Threoir MTT 2011/92/AE, arna leasú le Treoir 2014/52/AE.

I gcomhréir le halt 81 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú), rinne Comhairle Contae Átha Cliath Theas cinneadh agus tháinig ar an gconclúid seo a leanas:

(a) Nach dócha go mbeadh tionchar suntasach ag an bhforbairt bheartaithe, ar bhonn aonair ná in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, ar láithreá(i)n Eorpach(a) ar bith agus nach gá Measúnacht Chuí Chéim 2 a dhéanamh dá réir sin, agus

(b) Nach bhfuil aon fhíordhochúlacht ann go mbeidh tionchar suntasach ar an gcomhshaol de bharr na forbartha beartaithe agus nach forbairt í den chineál atá leagtha amach faoi Sceideal 5 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001, arna leasú, agus nach bhfuil aon ghá le Tuarascáil um Measúnacht Tionchair Timpeallachta (TMMT) dá réir sin.

Is féidir le haon duine, laistigh de ceithre seachtaine ó dháta foilsithe an fhógra seo, iarratas a dhéanamh chuig an gCoimisiún Pleanála ar chinneadh scagtha maidir leis an dóchúlacht go mbeadh tionchar suntasach ag an bhforbairt atá beartaithe ar an gcomhshaol.

Beidh pleananna agus sonraí na forbartha beartaithe ar fáil lena n-iniúchadh ar líne ar shuíomh gréasáin thairseach comhairliúcháin phoiblí na comhairle (http://consult.sdublincoco.ie) idir an **25 Samhain 2026 agus an 15 Eanáir 2027.**

Tá pleananna agus sonraí priontáilte na forbartha beartaithe ar fáil lena n-iniúchadh nó lena gceannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh ag Halla an Chontae, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24, le linn uaireanta oifige ón **25 Samhain 2026 go dtí an 15 Eanáir 2027.**

Aighneachtaí:

Féadfar aighneachtaí nó tuairimí maidir leis an bhforbairt bheartaithe, i ndáil le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an limistéir ina mbeidh an fhorbairt bheartaithe suite, féadfar iad a dhéanamh i scríbhinn go dtí an **15 Eanáir 2027** agus féadfar iad a chur isteach ar na bealaí seo a leanas:

- Ar shuíomh gréasáin thairseach comhairliúcháin phoiblí Chomhairle Contae Átha Cliath Theas http://consult.sdublincoco.ie, faoi Chomhairliúchán faoi **11:59pm an 15 Eanáir 2027.**

Nó

- I scríbhinn chuig an Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Forbairt Gheilleagrach, Comhairle Contae Átha Cliath Theas, Halla an Chontae, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24, le go bhfaighfear iad ar **5:00pm an 15 Eanáir 2027** nó roimhe. Ba cheart an lipéad **"Ceolchoirmeacha agus Imeachtaí Amuigh faoin Aer ag Staid Thamhlachta Cuid 8"** a chur ar an aighneacht.

TABHAIR FAOI DEARA: Níor chóir d'aighneacht a dhéanamh ach ar bhealach amháin. Ní dhéanfar ach aighneachtaí a gheofar faoin **15 Eanáir 2027** agus a bhfuil an seoladh thuasluaite orthu a mheas. Ba cheart go luafaí ar na haighneachtaí ainm, seoladh agus, más cuí, sonraí aon eagraíochta, grúpa poiblí nó cuideachta srl., a n-oibríonn tú ar a son. Ní dhéanfar ach aighneachtaí a gheofar ar an mbealach atá leagtha amach thuas a mheas. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil feidhm ag an Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997-2006 (arna leasú) maidir leis na taifid uile atá i seilbh Chomhairle Contae Átha Cliath Theas. Is féidir breathnú ar ráitis phríobháideachais um shonraí pearsanta na Comhairle ar www.sdcc.ie agus coinneofar na sonraí pearsanta ar fad de réir na gceanglas reachtúil.

Sínithe:

An Stiúrthóir ar Fhorbairt Gheilleagrach,
Comhairle Contae Átha Cliath Theas.

Suíomh gréasáin: www.sdcc.ie

PLANNING AND DEVELOPMENT ACT 2000 (AS AMENDED) PLANNING AND DEVELOPMENT REGULATIONS, 2001 (AS AMENDED)

NOTICE OF PROPOSED DEVELOPMENT BY A LOCAL AUTHORITY

PART 8 PUBLIC NOTICE

Pursuant to the requirements of the above, notice is hereby given of the following proposed development by South Dublin County Council at Tallaght Stadium, Whitestown Way, Tallaght, Dublin 24, D24 FNK6

The proposed development will consist of the additional use of the existing stadium and associated lands for outdoor concerts, musical performances and similar cultural and entertainment events, for a maximum of five such events in any calendar year, with a maximum audience attendance of 22,000 persons per event, together with all associated development. The existing sporting use of the stadium and all associated uses will be maintained.

The proposed development comprises:

- The use of the existing stadium stands, playing pitch, concourses and ancillary accommodation, together with the stadium car park, forecourts, external circulation areas and other ancillary lands within the application site, to accommodate audiences and associated event activities, including spectator queuing, concessions, production, servicing and other event-related facilities.
- The temporary provision of staging, sound, lighting and power equipment, production facilities, pitch protection, audience barriers, accessible viewing areas, food and beverage concessions, bars, toilets, merchandise facilities, event-related signage and wayfinding, and other ancillary temporary structures and installations.
- Temporary event-related access and circulation arrangements, including spectator entrances and exits, queuing areas, coach and shuttle arrangements, servicing areas, emergency vehicle access and associated crowd and traffic-management measures.
- The widening of four existing pitch access gates, located at each corner of the playing pitch, from 3 metres to a width of 9 metres each, together with associated alterations to facilitate pedestrian circulation and emergency access and egress.
- All associated ancillary site development works and services.

All temporary event infrastructure will be installed and removed in connection with the proposed events.

The proposal has undergone Screening for Appropriate Assessment in accordance with Article 6(3) of the Habitats Directive (92/43/EEC) and Screening for Environmental Impact Assessment (EIA) under the EIA Directive 2011/92/EU, as amended by Directive 2014/52/EU.

In accordance with Article 81 of the Planning and Development Regulations 2001 (as amended), South Dublin County Council has made a determination and concluded that that:

(a) The proposed development, either individually or in combination with other plans or projects, is not likely to have a significant effect on any European site(s) and therefore a Stage 2 Appropriate Assessment is not required and

(b) There is no real likelihood of significant effects on the environment arising from the proposed development and that the proposed development is not of a class set out under Schedule 5 of the Planning and Development Regulations 2001, as amended, and therefore does not require an Environmental Impact Assessment Report (EIAR).

Any person may, within four weeks from the date of publication of this notice, apply to An Coimisiún Pleanála for a screening determination as to whether the proposed development would be likely to have significant effects on the environment.

The plans and particulars of the proposed development will be available for inspection online on the council's public consultation portal website (http://consult.sdublincoco.ie) during the period from **25th of November 2026 to 15th of January 2027.**

Printed plans and particulars of the proposed development are available for inspection or purchase at a fee not exceeding the reasonable cost of making a copy at County Hall, Tallaght, Dublin 24, during office hours from **25th of November 2026 to 15th of January 2027.**

Submissions:

Submissions or observations with respect to the proposed development, dealing with the proper planning and sustainable development of the area in which the proposed development will be situated, may be made in writing up to **15th of January 2027** and may be submitted as follows:

- On South Dublin County Council's public consultation portal website http://consult.sdublincoco.ie, under Consultation by **11:59pm on 15th of January 2027.**

Or

- In writing addressed to the Senior Executive Officer, Economic Development, South Dublin County Council, County Hall, Tallaght, Dublin 24, to be received on or before **5:00pm on 15th of January 2027.** Submission should be labelled **"Outdoor Concerts and Events at Tallaght Stadium Part 8".**

NOTE: Please make your submission by one medium only. Only submissions received by **15th of January 2027** and addressed as set out above will be considered. Submissions should state the name, address, and, where relevant, details of any organisation, community group or company etc. which you represent. Only submissions received as set out above will be considered. It should be noted that the Freedom of Information Act, 1997-2006 (as amended) applies to all records held by South Dublin County Council.

The council's personal data privacy statements can be viewed at www.sdcc.ie and all personal data will be retained in line with statutory requirements.

Signed:

Director of Economic Development,
South Dublin County Council.

Website: www.sdcc.ie